Parlaimint na hEorpa

2019-2024

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

2021/2161(INL)

9.6.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

le moltaí don Choimisiún maidir le Digitiú agus Dlí Riaracháin
(2021/2161(INL))

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Rapóirtéir: Karen Melchior
(Tionscnamh – Riail 47 de na Rialacha Nós Imeachta)

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN: MOLTAÍ I dTAOBH ÁBHAR AN TOGRA ARNA IARRAIDH 13

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

le moltaí don Choimisiún maidir le Digitiú agus Dlí Riaracháin

(2021/2161(INL))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 298 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena bhforáiltear gur ceart bunúsach é an ceart chun dea-riaracháin,

– ag féachaint don dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir leis an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití an 15 Nollaig 2022,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE[1],

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[2],

– ag féachaint don togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (2022/0084(COD)),

– ag féachaint don togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (2022/0085(COD)),

– ag féachaint do chásdlí forleathan Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, inar aithníodh sraith de phrionsabail ghinearálta an dlí riaracháin atá bunaithe ar thraidisiúin bhunreachtúla na mBallstát,

– ag féachaint don Teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2022 maidir le Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití a bhunú COM((2022) 27 final) agus don Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis ina bhfuil tuarascáil ar an gcomhairliúchán le

---

1 IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

2 IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

páirtithe leasmhara agus ar ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara (SWD(2022) 14 final),

- ag féachaint do straitéis dhigiteach an Choimisiúin: *Next generation digital Commission* [An chéad ghlúin eile de Choimisiún digiteach] an 30 Meitheamh 2022 (C(2022)4388),

- ag féachaint dá rún an 6 Meán Fómhair 2001 maidir le Tuarascáil Speisialta an Ombudsman Eorpaigh chuig Parlaimint na hEorpa tar éis an fhiosrúcháin féintionscnaimh ar Chód um Dhea-Iompar Riaracháin a bheith ann agus inrochtaineacht an phobail, sna hinstitiúidí agus sna comhlachtaí Comhphobail éagsúla[3],

- ag féachaint do Chinneadh 2000/633/CE, ECSC, Euratom ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2000 lena leasaítear a Rialacha Nós Imeachta trí Chód um Dhea-Iompar Riaracháin d'fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh a chur i gceangal ina gcaidreamh leis an bpobal[4],

- ag féachaint don Chinneadh ó Ardrúnaí na Comhairle/Ardionadaí don Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an 25 Meitheamh 2001 maidir le cód dea-iompair riaracháin d'Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus dá foireann ina gcaidreamh gairmiúil leis an bpobal[5],

- ag féachaint do Mholadh Chomhairle na hEorpa CM/Rec(2007)7 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le dea-riarachán, dar dáta an 20 Meitheamh 2007,

- ag féachaint do 'prionsabail na seirbhíse poiblí do státseirbhís AE' a d'fhoilsigh an tOmbudsman Eorpach an 19 Meitheamh 2012,

- ag féachaint do bhileoga fíricí comhleanúnacha maidir le Riarachán Poiblí Digiteach a bhaineann leis na Ballstáit, arna bhfoilsiú ar líne ag an gCoimisiún,

- aag féachaint do ghníomhartha ginearálta nós imeachta riaracháin a bheith sna Ballstáit, lena leagtar síos bunphrionsabail an dlí riaracháin, agus reachtaíocht a bhaineann go sonrach le réimse nó le hearnáil ar leith,

- ag féachaint don suirbhé a choimisiúnaigh Rialtas na Sualainne ó Ghníomhaireacht na Sualainne um Bainistíocht Phoiblí ar phrionsabail an dea-riaracháin i mBallstáit an Aontais Eorpaigh,

- ag féachaint don staidéar a rinne Rialtas na Danmhairge ó Ghníomhaireacht um Dhigitiú na Danmhairge (digitaliseringsstyrelsen) maidir leis na prionsabail maidir le dea-úsáid sonraí bunúsacha i gcur chun feidhme seirbhísí riaracháin phoiblí digitithe,

- ag féachaint do thuarascáil 2022 ón Institiúid Eorpach um an Dlí maidir le *Model Rules on Impact Assessment of Algorithmic Decision-Making Systems Used by Public*

---

3 IO C 72 E , 21.3.2002, lch. 331.
4 IO L 267, 20.10.2000, lch. 63.
5 IO C 189, 5.7.2001, lch. 1.

Administration [Rialacha samhla maidir le Measúnú Tionchair ar Chórais Chinnteoireachta Algartamacha arna n-úsáid ag an Riarachán Poiblí][6],

– ag féachaint do na nótaí faisnéise a cuireadh i láthair ag an gComhdháil ar dhlí riaracháin AE a d'eagraigh Roinn Beartais Choiste na Parlaiminte um Ghnóthaí Dlíthiúla agus Ollscoil León (León, 27-28 Aibreán 2011)[7],

– ag féachaint do na moltaí a áirítear sa doiciméad oibre maidir le staid na himeartha agus ionchais amach anseo do dhlí riaracháin AE a thíolaic an Mheitheal um Dhlí Riaracháin AE don Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla an 22 Samhain 2011[8],

– ag féachaint don Mheasúnú Breisluacha Eorpaigh maidir le Dlí Nós Imeachta Riaracháin an Aontais Eorpaigh, arna thíolacadh ag an Aonad um Breisluach Eorpach chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla an 6 Samhain 2012[9],

– ag féachaint don chomhairliúchán poiblí ar rialacha ginearálta maidir le riarachán Eorpach atá oscailte, neamhspleách agus éifeachtúil agus dá thuarascáil achomair i mí Iúil 2018 arna tíolacadh ag an Aonad um Breisluach Eorpach, Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa don Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla an 10 Iúil 2018[10],

– ag féachaint do mheasúnú tionchair ar ghníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leibhéal AE le haghaidh riarachán AE atá oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách a chuir Aonad um Measúnú Tionchair Ex-Ante Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa i gcrích i mí Iúil 2018 agus a cuireadh faoi bhráid an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla an 10 Iúil 2018[11],

– ag féachaint do Mheasúnú Breisluacha Eorpaigh 2022 maidir le Digitiú agus Dlí Riaracháin, arna thíolacadh ag an Aonad um Breisluach Eorpach chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla an [30 Bealtaine 2023][12],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2013 le moltaí don Choimisiún maidir le Dlí Nós Imeachta Riaracháin an Aontais Eorpaigh[13],

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2016 maidir le riarachán de chuid an Aontais

---

6 https://www.europeanlawinstitute.eu/fileadmin/user_upload/p_eli/Publications/ELI_Model_Rules_on_Impact_Assessment_of_ADMSs_Used_by_Public_Administration.pdf.

7 http://www.europarl.europa.eu/committees/en/juri/studiesdownload.html?languageDocument=EN&file=59983.

8 http://www.europarl.europa.eu/meetdocs/2009_2014/documents/juri/dv/juri_wdadministrativelaw_/juri_wdadministrativelaw_en.pdf.

9 http://www.europarl.europa.eu/meetdocs/2009_2014/documents/juri/dv/eav_lawofadminprocedure_/EAV_LawofAdminprocedure_EN.pdf.

10 https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2018/621841/EPRS_STU(2018)621841_EN.pdf

11 https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2018/621841/EPRS_STU(2018)621841_EN.pdf

12 https://www.europarl.europa.eu/thinktank/en/document/EPRS_STU(2022)730350

13 IO C 440, 30.12.2015, lch. 17.

Eorpaigh atá oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách agus don togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le riarachán de chuid an Aontais Eorpaigh a bheidh oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách,[14]

– ag féachaint do rún uaithi an 26 Deireadh Fómhair 2017 maidir le faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dhlí AE 2015 (2017/2011(INI)),

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2022 maidir le Rialáil níos fearr: oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh (2021/2166(INI)),

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Bealtaine 2021 maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú: deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh agus úsáid IS a fheabhsú do thomhaltóirí Eorpacha (2020/2216(INI)),

– ag féachaint don obair leantach ón gCoimisiún ar an rún ó Pharlaimint na hEorpa le moltaí don Choimisiún maidir le Dlí Nós Imeachta Riaracháin an Aontais Eorpaigh, a ghlac an Coimisiún an 24 Aibreán 2013,

– ag féachaint don obair leantach ón gCoimisiún ar an rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le riarachán an Aontais Eorpaigh atá oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách, a ghlac an Coimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2016,

– ag féachaint don obair leantach ón gCoimisiún ar an rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le Rialáil Níos Fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh, arna nglacadh ag an gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2022,

– ag féachaint do Rialacha 47 agus 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-xxxx/xxxx),

A. de bhrí gur thug teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin bunús dlí iomchuí don Aontas chun dlí Eorpach maidir le nós imeachta riaracháin a ghlacadh;

B. de bhrí go bhfuil an ceart bunúsach chun dea-riaracháin a chumhdaítear in Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ceangailteach ó thaobh dlí de mar dhlí príomha;

C. de bhrí, in Aontas faoin smacht reachta, gur gá a áirithiú go ndéanfar cearta agus oibleagáidí nós imeachta a shainiú, a fhorbairt agus a chomhlíonadh go leormhaith i gcónaí; de bhrí go bhfuil saoránaigh i dteideal a bheith ag súil le hardleibhéal trédhearcachta, éifeachtúlachta, freagrúlachta agus forghníomhú tapa ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus go bhfuil siad i dteideal faisnéis a fháil freisin maidir leis na roghanna atá ann dóibh gníomhaíocht bhreise a dhéanamh maidir leis an ábhar lena mbaineann;

D. de bhrí go bhfuil riarachán éifeachtúil de chuid an Aontais bunriachtanach ar mhaithe le leas an phobail agus go bhféadfadh drochriarachán a bheith mar thoradh ar easpa rialacha agus nósanna imeachta, rud a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh freisin ar

[14] https://www.europarl.europa.eu/cmsdata/150700/consultation-eu-law-summary-report.pdf

rialacha agus nósanna imeachta atá contrártha, neamhréireach nó doiléir a bheith ann; de bhrí go dtacaíonn nósanna imeachta riaracháin atá struchtúrtha agus comhsheasmhach go cuí le riarachán éifeachtúil agus le forfheidhmiú cuí an chirt bhunúsaigh chun dea-riaracháin agus go bhfuil breisluach acu maidir le trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin dlisteanacht an Aontais a fheabhsú agus muinín na saoránach as riarachán an Aontais a mhéadú;

E. de bhrí gur fadhb phráinneach í an easpa muiníne atá ag saoránaigh le blianta beaga anuas agus gur féidir leis difear a dhéanamh dá dhlisteanacht; de bhrí gur gá don Aontas freagraí tapa, soiléire agus infheicthe a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais chun freagairt dá n-ábhair imní;

F. de bhrí go bhfuil rialacha agus prionsabail reatha an Aontais maidir le dea-riarachán scaipthe ar fud raon leathan foinsí: dlí príomha, cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, reachtaíocht thánaisteach, dlí bog agus gealltanais aontaobhacha ó institiúidí an Aontais;

G. de bhrí go bhfuil éifeacht theoranta ag cóid iompair inmheánacha na n-institiúidí éagsúla atá ann cheana, go bhfuil siad éagsúil óna chéile agus nach bhfuil siad ceangailteach ó thaobh dlí;

H. de bhrí, agus moltaí an Ghrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO) ó Chomhairle na hEorpa á gcur san áireamh, go mbeadh tacar rialacha soiléire agus ceangailteacha maidir le riarachán an Aontais ina chomhartha dearfach sa chomhrac i gcoinne an éillithe i riaracháin phoiblí;

I. de bhrí gur iarr an Pharlaimint go comhsheasmhach, ina rúin agus ina hiarscríbhinní a ghabhann leo, gníomhaíocht reachtach ón gCoimisiún sa réimse sin ó 2001 i leith; de bhrí gur iarr an Pharlaimint Dlí Nós Imeachta Riaracháin an Aontais Eorpaigh in 2013, agus in 2016 gur iarr sí go háirithe togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le riarachán an Aontais Eorpaigh a bheadh oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách; de bhrí, go bunúsach, go bhfuil sé d'aidhm ag iarrataí na Parlaiminte arís agus arís eile rialachán maidir le nós imeachta riaracháin an Aontais Eorpaigh a ghlacadh lena leagfaí síos rialacha nós imeachta ginearálta lena rialófaí gníomhaíochtaí riaracháin riarachán an Aontais, is é sininstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (dlí na hEorpa maidir le nós imeachta riaracháin);

J. de bhrí go bhfuil an iarraidh sin bunaithe ar mheasúnuithe tionchair mionsonraithe inter alia lena ndéantar costas na nósanna imeachta riaracháin a chainníochtú; de bhrí gur cinneadh i measúnú tionchair 2018 go mbíonn tionchar diúltach ag ilroinnt i nósanna imeachta riaracháin ar institiúidí agus comhlachtaí AE ar oscailteacht, éifeachtúlacht agus neamhspleáchas AE agus gur thángthas ar an gconclúid gur dócha go rachadh na tionchair dhiúltacha in olcas leis an aistriú i dtreo riarachán digitithe; de bhrí gur cheart don Choimisiún measúnú tionchair a thíolacadh freisin agus an togra á thíolacadh aige;

K. de bhrí go ndeachaigh an Pharlaimint i mbun comhairliúchán poiblí maidir leis an ngá atá leis an dlí Eorpach maidir le nós imeachta riaracháin a bhunú, inar thacaigh 76 % de fhreagróirí le bearta breise a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun nósanna imeachta riaracháin an Aontais a fheabhsú agus a shimpliú, thug sí dá haire go bhfuil feabhas ar éifeachtúlacht agus trédhearcacht i measc na bpríomhchúiseanna atá le hidirghabháil AE

agus inar sainaithníodh neamhleanúnachas oibríochtúil agus costais an ualaigh riaracháin i measc na saincheisteanna is mó a bhfuil fadhb ag baint leo; de bhrí gur cheart don Choimisiún comhairliúchán poiblí leormhaith a sheoladh tuilleadh in 2023 leis na gníomhaithe ábhartha uile, agus gur cheart dó úsáid a bhaint go háirithe as eolas agus saineolas speisialta an Ombudsman Eorpaigh, ós rud é gur leis an Ombudsman Eorpach a dhéantar gearáin phoiblí faoi mhí-úsáidí laistigh de chomhlachtaí agus d'institiúidí an Aontais;

L. de bhrí gur thug an Pharlaimint faoi chomhairliúcháin leis an saol acadúil, le cleachtóirí agus leis an bpobal dlíthiúil mar ullmhúchán dá rún ó 2016 le haghaidh riarachán an Aontais Eorpaigh atá oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách; de bhrí gur luaigh an Coimisiún, san obair leantach a ghlac sé an 24 Aibreán 2013 ar rún ón bParlaimint an 15 Eanáir 2013, go seolfadh sé athbhreithniú mionsonraithe ar an gcorpas reatha de dhlí riaracháin AE agus ar na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud na n-institiúidí uile, go ndéanfadh sé measúnú ar na cineálacha cur chuige a glacadh maidir leis na saincheisteanna sin sna Ballstáit agus go rachadh sé i gcomhairle leis an lucht acadúil, cleachtóirí agus leis an bpobal dlíthiúil chun mionanailís a dhéanamh ar gach gné den tsaincheist; de bhrí, deich mbliana ina dhiaidh sin, nár chuir an Coimisiún an Pharlaimint ar an eolas fós faoi thorthaí an athbhreithnithe agus na hanailíse doimhne a fógraíodh;

M. de bhrí, san obair leantach chéanna in 2013, gur luaigh an Coimisiún freisin go mbeadh ar aon tionscnamh amach anseo creat na rialacha riaracháin atá ann cheana agus an gaol casta idir rialacha cothrománacha agus rialacha earnáilsonracha a chur san áireamh; an iliomad cúiseanna le drochriarachán a d'fhéadfadh a bheith ann agus an iliomad bealaí féideartha inar féidir aghaidh a thabhairt air sin; agus na teorainneacha le húsáid Airteagal 298 CFAE; de bhrí nár thíolaic an Coimisiún aon mheasúnú den sórt sin go dtí seo;

N. de bhrí gur thíolaic an Coimisiún, ag gníomhú dó den chéad uair ar bhonn Airteagal 298 CFAE, dhá thogra maidir le, ar thaobh amháin, slándáil faisnéise agus, ar an taobh eile, cibearshlándáil i riarachán an Aontais, is é sin a institiúidí, a chomhlachtaí, a oifigí agus a ghníomhaireachtaí, chun aghaidh a thabhairt ar an easpa cur chuige coiteann sna réimsí sin agus ar an bhfíoras go bhfuil a rialacha féin ag gach ceann acu sna réimsí sin, bunaithe ar rialacha nós imeachta nó ar ghníomhartha bunaidh, nó nach bhfuil aon rialacha acu in aon chor;

O. de bhrí nach féidir le rialacha cothrománacha agus earnáilsonracha a bheith ina leithscéal gan dlí Eorpach a leagan síos maidir le nós imeachta riaracháin, ná ina bhac ar dhlí den sórt sin a leagan síos, a bheadh ina chreat tagartha bunúsach agus ginearálta dlí maidir le nós imeachta riaracháin ar cheart d'aon riarachán de chuid an Aontais é a chur i bhfeidhm gan beann ar a earnáil oibríochtaí; de bhrí gurb ann do théarmaí ginearálta achtacháin den sórt sin i roinnt mhaith Ballstát den Aontas gan beann ar a struchtúr, a bhfearann nó a n-earnáil agus go comhthreomhar le rialacha earnáilsonracha;

P. de bhrí go n-eascraíonn dúbláil shuntasach iarrachtaí as ilroinnt na gcreataí dlíthiúla ábhartha idir riarachán an Aontais maidir le rialacha inmheánacha a bhunú agus a choinneáil chomh maith le cleachtais riaracháin neamh-idir-inoibritheacha; de bhrí,

i gcás shaoránaigh an Aontais, go méadaíonn éagsúlacht na rialacha sin na rioscaí a bhaineann le míthuiscint, míbhrí agus neamhchomhlíontacht; de bhrí go gcruthódh bunú creat tagartha bunúsach agus ginearálta don dlí Eorpach maidir le nós imeachta riaracháin do riarachán an Aontais timpeallacht riaracháin ina mbeadh prionsabail aonfhoirmeacha, rialacha caighdeánaithe agus dea-chleachtais curtha chun feidhme, de bhrí nach gcuireann sé sin bac ar rialacha earnáilsonracha a bheith ann mar a thugtar air ar an leibhéal náisiúnta freisin; de bhrí, thairis sin, go bhfuil leagan síos an dlí Eorpaigh maidir le nós imeachta riaracháin comhsheasmhach leis an gceanglas gníomhú agus urraim chuí á tabhairt d'uathriail nó d'inniúlachtaí gach institiúide agus comhlachta de chuid an Aontais, a fhanfaidh i bhfeidhm go hiomlán;

Q. de bhrí, le dul chun cinn na teicneolaíochta agus na n-iarrachtaí digitithe is gá ó thaobh na mBallstát de, lena n-áirítear maidir lena riarachán poiblí agus a seirbhísí, go bhfuil iarrachtaí comhchosúla digitithe déanta ag riarachán an Aontais; de bhrí nach n-oibríonn riarachán an Aontais de réir a chéile mar eintiteas ar leithligh ach go n-idirnascann sé le riaracháin phoiblí náisiúnta chun freastal ar shaoránaigh;

R. de bhrí gur cuireadh i bhfios go láidir i staidéar measúnaithe breisluacha Eorpaigh 2022, mar a rinneadh i staidéar measúnaithe tionchair 2018, gur mó an gá atá le lárú agus comhchuibhiú leis an digitiú, agus go n-ardaíonn an digitiú leanúnach saincheisteanna agus dúshláin nua;

S. de bhrí go bhfuil prionsabail nós imeachta sheanbhunaithe forbartha ag cásdlí na Cúirte Breithiúnais a bhfuil feidhm acu maidir le nósanna imeachta na mBallstát i gcúrsaí Aontais agus ar cheart feidhm a bheith acu *a fortiori* maidir le riarachán díreach ag an Aontas; de bhrí gur féidir a bheith ag súil go bhforbrófar tuilleadh cásdlí na Cúirte Breithiúnais go luath chun feiniméin a bhaineann le forbairt an digitithe i nósanna imeachta riaracháin a chumhdach, amhail cinnteoireacht uathoibrithe;

T. de bhrí go bhfógraítear sa Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha don Deacáid Dhigiteach prionsabail dhigiteacha chun freastal ar na hEorpaigh go léir;

U. de bhrí gur shocraigh an Coimisiún, i gCompás Digiteach 2030, fís don Aontas le haghaidh Eoraip 2030 a chlaochlú go digiteach i gcomhréir le luachanna Eorpacha; de bhrí go bhfuil sé d'aidhm ag an "Conair don Deacáid Dhigiteach" an cheannaireacht dhigiteach a threisiú tuilleadh agus saoránaigh agus gnólachtaí a chumhachtú, agus ar an gcaoi sin an claochlú digiteach a dhéanamh mar inneall don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe, agus don dea-bhail shóisialta san Eoraip, ar cheart é a bhaint amach, inter alia, trí scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt don lucht saothair chun a chur ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh sa gheilleagar digiteach agus trí sheirbhísí poiblí a dhigitiú, agus trína ndéanamh níos éifeachtúla agus níos éasca a úsáid chun tairbhe gach duine inár sochaí;

V. de bhrí go ndéanann straitéis dhigiteach 2022 ón gCoimisiún an méid seo a leanas: Leis 'an chéad ghlúin eile den Choimisiún digiteach', leagtar amach cuspóirí chun tacaíocht riarachán an Choimisiúin a chumasú chun tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach agus chun dea-shampla a thabhairt, agus déantar na gnéithe seo a leanas, i measc

nithe eile, a chur chun cinn: a fhoireann a chumhachtú, ceapadh beartas atá réidh don digitiú a chumasú trí threoirlínte agus trí thacaíocht a thabhairt ar fud thimthriall beartais iomlán an Aontais agus leas a bhaint as tairbhí na sonraí agus na dteicneolaíochtaí nuálacha chun a phróisis riaracháin a athdhearadh; agus go léirítear sa straitéis an rún maidir le conas a thiocfaidh digitiú na bpróiseas riaracháin agus idirghníomhaíocht riaracháin an Aontais leis na saoránaigh chun cinn sna blianta amach romhainn; de bhrí gur cheart sraith rialacha lena rialaítear nósanna imeachta riaracháin a bheith ag gabháil leis an bhforbairt sin agus gur cheart í a chomhchuibhiú ar fud riarachán an Aontais;

W. de bhrí gur féidir ról tábhachtach a bheith ag forbairt teicneolaíochtaí nua, amhail an intleacht shaorga agus córais chinnteoireachta uathoibrithe (ADMSanna), i nuachóiriú agus i bhfeabhsú fheidhmiú an riaracháin phoiblí ar choinníoll go bhfuil ardleibhéal iontaoibhe agus iontaofachta ag na teicneolaíochtaí a úsáidtear; de bhrí gur cheart, áfach, teorainn a chur leis an bhféidearthacht dul i muinín na dteicneolaíochtaí nua sin ag an riarachán poiblí, lena n-áirítear riarachán an Aontais, de réir phrionsabal na dlíthiúlachta agus an ghá atá ann urraim do chearta na saoránach a áirithiú; de bhrí go bhféadfadh úsáid teicneolaíochtaí nua, amhail IS agus ADMSanna, fadhbanna sonracha a chruthú do phrionsabal an dea-riaracháin agus don cheart chun athbhreithniú dlíthiúil agus, dá bhrí sin, gur gá anailís ar leith a dhéanamh maidir le gnéithe amhail trédhearcacht, cuntasacht, comhlíonadh agus neamh-idirdhealú, trí aghaidh a thabhairt ar riosca na laofachta algartamaí;

X. de bhrí gur cheart aitheantas a thabhairt do na rioscaí a bhaineann leis an intleacht shaorga agus an mheaisínfhoghlaim a úsáid, go háirithe i gcomhthéacs riarachán an Aontais i gcás ina bhféadfadh bearna shuntasach cumhachta a bheith ann idir na saoránaigh agus an riarachán; de bhrí, dá bhrí sin, gur cheart úsáid meaisínfhoghlama ag riarachán an Aontais a bheith teoranta do shonraí a bhailiú, a eagrú, a struchtúrú, a thiontú, a chomhcheangal agus a oiriúnú, amhail aithint optúil carachtar, aithint réad nó caint go téacs;

Y. de bhrí gur thíolaic an Institiúid Eorpach um Dhlí tuarascáil in 2022 ina raibh rialacha samhla maidir le Measúnú Tionchair ar Chórais Chinnteoireachta Algartamacha arna n-úsáid ag an Riarachán Poiblí, i gcás ina moltar na rialacha samhla nuair a dhéanann na córais chinnteoireachta algartamacha sin cinneadh nó nuair a thacaíonn siad le cinnteoireacht dhaonna — is é sin cinneadh ó údarás poiblí (lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais) gníomhaíocht a dhéanamh nó gan gníomhaíocht a dhéanamh — ar dócha go mbeidh tionchair shuntasacha acu ar an bpobal[15];

Z. de bhrí gur minic a bhí bogearraí a forbraíodh chun críocha an riaracháin phoiblí ina bhfoinsí dúnta san am a chuaigh thart, rud a chiallaíonn, in ainneoin gur íoc siad as, nach féidir le saoránaigh an cód a iniúchadh ná a athúsáid; de bhrí gur fiú a aithint go ndéanann riarachán an Aontais cód foinse oscailte a fhorbairt, a fhoilsiú agus a úsáid le haghaidh bogearraí, rud a rannchuidíonn le comhlíonadh an phrionsabail ‘airgead poiblí — cód poiblí’; dde bhrí go gcuirtear chun cinn leis an bprionsabal sin athúsáid agus

15 https://www.europeanlawinstitute.eu/fileadmin/user_upload/p_eli/Publications/ELI_Model_Rules_on_Impact_Assessment_of_ADMSs_Used_by_Public_Administration.pdf

feabhsú an chóid atá ann cheana chun na costais a bhaineann le bogearraí a fhorbairt agus, dá bhrí sin, costas an digitithe a laghdú; de bhrí gur cheart, dá bhrí sin, úsáid bogearraí foinse oscailte ag riarachán an Aontais a spreagadh ar bhonn leanúnach[16];

AA. de bhrí go bhfuil tionchar ag tosca amhail aois, muinín nó toilteanas glacadh le réitigh theicneolaíocha ar rochtain ar sheirbhísí riaracháin dhigitigh do shaoránaigh an Aontais; de bhrí, dá bhrí sin, gur cheart do riarachán an Aontais é sin a chur san áireamh agus réitigh dhigiteacha á bhforbairt le haghaidh na seirbhísí a sholáthraítear leis ionas nach gcaillfear muinín na saoránach agus chun go mbeidh saoránaigh in ann dul in oiriúint don tseirbhís dhigiteach atá ann;

AB. de bhrí go bhfuil na prionsabail seo a leanas maidir le seirbhísí poiblí digiteacha agus riarachán poiblí digiteach sainaitheanta cheana féin: (i) seirbhísí poiblí digiteacha atá dírithe ar an duine agus atá inrochtana ar gach leibhéal, (ii) an fhéidearthacht do gach duine a bheith rannpháirteach i gcruthú agus i bhfeabhsú seirbhísí poiblí digiteacha atá saincheaptha dá riachtanais agus dá roghanna tosaíochta, (iii) prionsabal na ‘haonuaire’, eadhon nár cheart do gach duine a shonraí nó a fhaisnéis a chur isteach ach aon uair amháin nuair a bheidh siad ag idirghníomhú go digiteach le riaracháin phoiblí ar fud an Aontais, (iv) idir-inoibritheacht na seirbhísí digiteacha arna dtairiscint ag an earnáil phoiblí amhail réitigh chéannachta digití lena mbaineann inaistritheacht sonraí a cheadaítear ar fud an Aontais, (v) rannpháirtíocht fhorleathan ag daoine agus le daoine arna gcumasú ag teicneolaíochtaí digiteacha agus réitigh dhigiteacha agus spreagadh a thabhairt maidir le tionscnaimh rannpháirtíochta a fhorbairt ar gach leibhéal, (vi) rannchuidiú na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na réiteach digiteach le leibhéil níos fearr slándála agus sábháilteachta poiblí;

1. á mheas, tar éis 70 bliain d’fhorbairt leanúnach riarachán poiblí an Aontais agus 13 bliana ó theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, lena leagtar síos bunús dlí Airteagal 298 CFAE, nach bhfuil aon údar ann gan prionsabail an dea-riaracháin a chumhdach i reachtaíocht cheangailteach;

2. á mheabhrú gur iarr an Pharlaimint, ina rún an 15 Eanáir 2013 agus ina rún an 9 Meitheamh 2016, de bhun Airteagal 225 CFAE, go nglacfaí rialachán maidir le riarachán de chuid an Aontais Eorpaigh atá oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách faoi Airteagal 298 CFAE; á mheabhrú gur iarr an Pharlaimint, ina rún an 9 Meitheamh 2016, go háirithe ar an gCoimisiún togra reachtach a chur chun cinn a bheadh le cur san áireamh ina clár oibre don bhliain 2017; á chur in iúl gur oth léi nár lean togra ón gCoimisiún go dtí seo iarrataí na Parlaiminte;

3. ag tabhairt dá haire nár chuir an Coimisiún aon argóintí a bhfuil bunús leo nó atá diongbháilte ar fáil mar gheall ar a easpa gníomhaíochta agus á chur in iúl gur oth léi nár thíolaic an Coimisiún go dtí seo aon mhionanailís ná aon mhionstaidéir a bhaineann leis an ábhar;

4. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún togra reachtach a chur chun cinn go práinneach, ar bhonn Airteagal 298 CFAE, le haghaidh rialachán maidir le riarachán de chuid an Aontais Eorpaigh atá oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách a chur san áireamh ina

[16] https://commission.europa.eu/about-european-commission/departments-and-executive-agencies/informatics/open-source-software-strategy_en#opensourcesoftwarestrategy

chlár oibre don bhliain 2024 ionas gur féidir leis na comhreachtóirí tús a chur lena gcuid oibre air láithreach ag tús an téarma reachtaigh nua; á iarraidh go leanfaidh an togra na moltaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo agus á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an togra le haghaidh rialachán atá i gceangal lena rún an 9 Meitheamh 2016 a mheas mar bhonn tosaigh chun an togra a iarradh a ullmhú agus dul chun cinn an digitithe agus a thionchar ar nós imeachta riaracháin agus riarachán an Aontais a chur san áireamh;

5. á mheas nach bhfuil impleachtaí airgeadais ag gabháil leis an togra a iarradh;

6. á threorú dá hUachtarán an rún seo agus na moltaí a ghabhann leis a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN: MOLTAÍ I dTAOBH ÁBHAR AN TOGRA ARNA IARRAIDH

Moladh 1 (ar bhonn togra ón gCoimisiún maidir le rialachán maidir le riarachán de chuid an Aontais Eorpaigh a bheidh oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách):

Measann Parlaimint na hEorpa gur cheart an togra ón gCoimisiún a bheith i bhfoirm rialacháin lena leagtar síos gníomh ginearálta a bhaineann le nós imeachta riaracháin, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le rún ón bParlaimint an 9 Meitheamh 2016 le haghaidh riarachán de chuid an Aontais Eorpaigh atá oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách.

Moladh 2 (maidir leis na prionsabail lena dtreoraítear digitiú nósanna imeachta riaracháin an Aontais)

Measann Parlaimint na hEorpa gur cheart don Choimisiún an dul chun cinn sa digitiú agus a thionchar ar nósanna imeachta riaracháin riarachán an Aontais a chur san áireamh agus an togra a iarrtar faoin rún seo á thíolacadh aige. Ba cheart an méid seo a leanas, go háirithe, a mheas:

1. Maidir le gnéithe ginearálta:

(i) ‘prionsabal na haonuaire’, eadhon nár cheart do gach duine a shonraí nó a fhaisnéis a chur isteach ach aon uair amháin nuair a bhíonn siad ag idirghníomhú go digiteach le riarachán an Aontais, agus leas á bhaint as sin freisin ó bhunú Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí;

(ii) idir-inoibritheacht na seirbhísí digiteacha a thairgeann riarachán an Aontais;

(iii) rannchuidiú na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na réiteach digiteach le leibhéil níos airde slándála agus sábháilteachta poiblí;

(iv) nósanna imeachta a bhunú agus soiléiriú a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i gcumarsáid sheachtrach riarachán an Aontais, agus é mar chuspóir frithbhearta a ghlacadh chun déileáil leis na bearnaí atá ann cheana, deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, a áirithiú go dtiocfaidh méadú ar líon na gcásanna éagóra riaracháin a dtugtar aghaidh orthu agus timthriall na mímhuiníne a bhriseadh;

2. Maidir le seirbhísí poiblí digiteacha inrochtana, cuimsitheacha:

(i) ba cheart seirbhísí poiblí digiteacha a bheith duinelárnach agus inrochtana ar gach leibhéal;

(ii) ba cheart an deis a bheith ag gach duine páirt a ghlacadh i gcruthú agus i bhfeabhsú seirbhísí poiblí digiteacha atá curtha in oiriúint dá riachtanais agus dá roghanna;

(iii) ba cheart roghanna malartacha analógacha ar sheirbhísí digiteacha a sholáthar i gcónaí, agus ba cheart pointe teagmhála daonna a bheith ar fáil chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna a d’fhéadfadh teacht chun cinn in úsáid seirbhísí digiteacha ag saoránaigh an Aontais;

(iv) ba cheart go mbeadh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí poiblí digiteacha;

(v) ba cheart rochtain a bheith ar sheirbhísí poiblí digiteacha freisin trí raon leathan feistí;

3. Maidir le slándáil, cuntasacht agus cosaint sonraí

(i) an prionsabal ‘airgead poiblí — cód poiblí’, eadhon gur cheart cód foinseach aon bhogearra a fhorbraítear trí airgead poiblí a úsáid a chur ar fáil don phobal chun críocha staidéir agus athúsáide;

(ii) ba cheart príobháideacht agus slándáil úsáideoirí seirbhísí poiblí digiteacha a chosaint;

(iii) an ceart chun earráide agus an ceart chun ceartúcháin;

(iv) an ceart chun míniú a fháil a thuigtear mar an ceart go dtabharfaí míniú ar aschur an algartaim agus ar an gcinneadh a rinneadh tar éis measúnú algartamach;

(v) prionsabal na trédhearcachta maidir leis na critéir ar ar a mbonn a dhéantar cinntí uathoibrithe, i gcás ina ndéanann na cinntí sin difear do shaoránaigh.

Moladh 3 (maidir leis na prionsabail chun réitigh dhigiteacha a fhorbairt agus a chur in úsáid)

Ba cheart aitheantas a thabhairt don ghá atá le réitigh dhigiteacha nua a fhorbairt chun freastal ar riachtanais riarachán an Aontais sa phróiseas digitithe. Chun a áirithiú gur fearr a fhónfaidh na réitigh sin do shaoránaigh an Aontais agus d’fhoireann an Aontais, ba cheart na prionsabail seo a leanas a mheas:

(i) ba cheart go mbeadh foireann an Aontais i gcroílár an phróisis forbartha, ós rud é go bhfuil an tuiscint is fearr acu ar nósanna imeachta riaracháin agus ar chásanna ar an imeall, eadhon fadhbanna nó cásanna nach dtarlaíonn ach ag an taobh is airde nó ag an taobh is ísle de raon luachanna féideartha nó i gcásanna foircneacha;

(ii) ba cheart breithniú a dhéanamh ar réitigh dhigiteacha inmheánacha a fhorbairt atá fíor-riachtanach chun an tseirbhís phoiblí lena mbaineann a chur in úsáid;

(iii) nuair a bheidh seachfhoinsiú á dhéanamh, seachas glaonna ar thograí a bheith ann le haghaidh meige-thionscadail mhonailiotacha nach bhfuil ach líon beag cuideachtaí móra in ann tairiscint a dhéanamh ina leith, agus a bhfuil baol níos mó ann go gcuirfear moill orthu agus go rachaidh siad thar bhuiséad, ba cheart nósanna imeachta soláthair phoiblí chun tionscadail agus próisis a dhigitiú a fhoroinnt ina nglaonna ar thograí le haghaidh tionscadail bheaga, chun conarthaí digitithe a dhéanamh níos inrochtana do FBManna;

(iv) níor cheart féachaint ar dhigitiú mar phróiseas costchiorraithe amháin: tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuil gá le hinfheistíocht sa teicneolaíocht agus sa fhoireann araon chun digitiú éifeachtach a dhéanamh;

(v) ba cheart digitiú a dhéanamh ar bhealach a fhágann go mbeidh níos mó ama ag baill foirne cúraimí a bhaineann lena saineolas a dhéanamh, trí chúraimí atriallacha a uathoibriú agus trí chúnamh a thabhairt do bhaill foirne chun a áirithiú go gcomhlíonann riarachán an Aontais na prionsabail agus na haidhmeanna dá dtagraítear i Moladh 2;

(vi) níor cheart go n-eascródh as an digitiú cúraimí speisialaithe a chur ar bhaill foirne a bhfuil inniúlachtaí neamhspeisialtóireachta acu, nach dtugtar an oiliúint agus na hacmhainní is

gá dóibh chun na cúraimí sin a chur i gcrích.